
# AG GLUAISEACHT GO SÍORAÍ

# IN PERPETUAL MOTION

Straitéis Ealaíon do Chomhairle Contae Chill Dara

An Arts Strategy for Kildare County Council

2023—2027





*Clúdach tosaigh:*
*James Winnett, 'The Stones of the Hollow Hill', coimisiún Per Cent for Art, Páirc Bhaile Chairdif 2022.*
*Grianghrafadóir: Michael O'Rourke Photography.*

Front cover:
James Winnett, 'The Stones of the Hollow Hill', Per Cent for Art commission, Kerdiffstown Park 2022.
Photo credit: Michael O'Rourke Photography.

*Clúdach laistigh:*
*Léiríonn Fidget Feet Aerial Dance 'Handful of Dreams' sa Ghraí Náisiúnta, Iúil 2022, a cistíodh faoin Scéim Clársceidealaithe Léirithe Bheo Áitiúil.*
*Grianghrafadóir: Michael O'Rourke Photography.*

Inside cover:
Fidget Feet Aerial Dance perform 'Handful of Dreams' in The National Stud, July 2022, funding under the Local Live Performance Programming Scheme.
Photo credit: Michael O'Rourke Photography.


Leanfaimid leis an deis a thapú
We will continue to reach for the sky



*Turas allamuigh ar shuíomhanna feineolaíochta mar chuid den tionscadal ‘beart gearrshaolach’, leis an amharc-ealaíontóir Martina O’Brien in 2022, lenar thacaigh na Gradaim Arts Act. Grianghrafadóir: Lucina Russell.*

Field trip of phenology sites as part of the ‘of ephemeral measure’ project, by visual artist Martina O’Brien 2022, supported through Arts Act Awards. Photo credit: Lucina Russell

# NA CAIBIDLÍ
# CONTENTS


| | | |
|---|---|---|
| 01 | Brollach<br>Foreword | 6 |
| 02 | Ár Misean, Ár Bhfís, Ár Luachanna<br>Our Mission, Our Vision, Our Values | 8 |
| 03 | Comhthéacs: Go Náisiúnta, Háitiúil<br>Context: Nationally, Locally | 10 |
| 04 | Ag Féachaint Siar<br>Looking Back | 16 |
| 05 | Tosaíochtaí Straitéiseacha<br>Strategic Priorities | 30 |

# 01

## BROLLACH

Tugann an teideal, 'Ag Gluaiseacht go Síoraí' ('In Perpetual Motion'), domhan síorathraitheach le tuiscint ina mbeidh an Straitéis seo bunaithe agus déanann sé cur chuige Chomhairle Contae Chill Dara i leith soláthar ealaíon a chothaíonn freagrúlacht agus éascaíocht a shuíomh. Cé a shamhlódh na dúshláin a thiocfadh aníos i gcaitheamh shaolré na Straitéise deireanaí, tráth inar thugamar ár gcosa linn as paindéim, agus inar fhreagraíomar don chogadh san Úcráin? Rinneadh éigeandáil aeráide freisin sa tsaolré sin de ghníomhú ar son na haeráide. Léirítear ómós freisin sa teideal don saothar ealaíne poiblí íocónach 'Perpetual Motion', ar a dtugtar 'Liathróid an Náis' go háitiúil, a bhfuil cuid lárnach dár dtírdhreach déanta di.

Baineann ríthábhacht le healaíontóirí agus na pobail ealaíon leis an éiceachóras cruthaitheach agus ealaíonta sa chontae agus leanfaimid ag tacú leo ar bhonn aonair agus i dteannta a chéile, trí ghradaim agus deiseanna. De réir mar a chuirimid an Straitéis seo i láthair, déanann dhá cheann dár bpríomheagraíochtaí acmhainní, Leinster Printmaking Studio agus Ceolfhoireann Chontae Chill Dara, ceiliúradh ar thacú le healaíontóirí le 25 bliain anuas agus ar eispéiris ealaíon ardchaighdeáin a thabhairt go pobail i gCill Dara. Aithnímid fís na mball bunaidh agus gach duine a chuir lena bhfadsaolaí. Ábhar bróid do Chomhairle Contae Chill Dara tacú lena gcuid oibre.

## FOREWORD

The title, 'In Perpetual Motion' eludes to an ever-changing world in which this Strategy will reside and positions Kildare County Council's approach to arts provision that embraces responsiveness and fluidity. Who could have imagined the challenges that would be presented over the lifetime of the previous Strategy, as we lived through a pandemic, and responded to the war in Ukraine? In that life cycle too, climate action became a climate emergency. The title also pays homage to the iconic public artwork 'Perpetual Motion', known locally as 'The Naas Ball', which has become an integral part of our landscape.

Artists and the arts communities are vital to the creative and artistic ecosystem in the county and we will continue to support them individually and collectively, through awards and opportunities. As we present this Strategy, two of our key resource organisations, Leinster Printmaking Studio and the County Kildare Orchestra celebrate 25 years of supporting artists and bringing quality arts experiences to communities in Kildare. We acknowledge the vision of the founder members and all who have contributed to their longevity. Kildare County Council is a proud supporter of their work.

Agus ullmhú ar bun do Straitéis nua 5 bliana, bhí an deis againn machnamh a dhéanamh ar éachtaí garsprice roimhe seo, ag oibriú le comhpháirtithe áitiúla agus náisiúnta.  Bhí gliondar croí orainn agus ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara-Chill Mhantáin na bunchlocha a leagan do Ghlúin an Cheoil, Cill Dara, a seoladh go luath in 2021. Níos déanaí sa bhliain sin, d'éirigh leis an údarás áitiúil i dtairiscint a seoladh chuig an gComhairle Ealaíon d'Áiteanna Cruthaitheacha, Baile Átha Í (Creative Places Athy), a raibh mar chuspóir aige eispéiris ealaíon a thabhairt ina measc siúd nár ghlac páirt iontu go fóill. Is iontach an acmhainn ollscoil a bheith inár gcontae. I measc na gcomhoibrithe cruthaitheacha le hOllscoil Mhá Nuad, bhí cónaitheachtaí le Roinn an Bhéarla, an Cheoil agus Staidéir Shóisialta Fheidhmigh agus le hardáin d'ealaíontóirí agus d'acadóirí le buarthaí a cheistiú leis an Roinn Tíreolaíochta. Thugamar faoi scéimeanna um Chuireadh chun Comhoibriú lenar thacaigh an Chomhairle Ealaíon, 'Gnáthóga Nádúrtha (Natural Habitats)' le comhpháirtithe údaráis áitiúil i gCeatharlach agus an Mhí, inar fhiosraigh ealaíontóirí portaigh áitiúla, anuas ar Theach! Biongó, le Fidget Feet Aerial Dance agus le Comhairle Contae Thiobraid Árann agus Dhún na nGall.

***Leanfaimid leis an deis a thapú***

In preparing a new 5-year Strategy, we had the opportunity to reflect on previous milestone achievements, working with local and national partners. With Kildare Wicklow Education and Training Board, we were delighted to set the foundations for Kildare Music Generation which was launched in early 2021. Later that year, the local authority was successful in a bid to the Arts Council for Creative Places Athy, aiming to bring arts experiences to those who have yet to engage. Having a university in our county is a wonderful resource. Creative collaborations with Maynooth University have included residencies with the Department of English, Music and Applied Social Studies and platforms for artists and academics to interrogate climate concerns with the Department of Geography. We have embarked on Arts Council supported Invitation to Collaboration schemes 'Gnáthóga Nádúrtha (Natural Habitats)' with local authority partners in Carlow and Meath, with artists exploring local bogs, as well as House! Bingo, with Fidget Feet Aerial Dance and Tipperary and Donegal County Councils.

***We will continue to reach for the sky***


Cathaoirleach Chomhairle Contae Chill Dara / Cathaoirleach of Kildare County Council
An Comh. Fintan Brett / Cllr. Fintan Brett


Cathaoirleach an Choiste Beartais Straitéisigh / Chairperson for Strategic Policy Committee
An Comh. Carmel Kelly / Cllr. Carmel Kelly

Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Chill Dara / Chief Executive of Kildare County Council
Sonya Kavanagh / Sonya Kavanagh

# 02







James Winnett, ‘The Stones of the Hollow Hill’.

*Coimisiún Per Cent for Art, Páirc Bhaile Chairdif 2022.*
*Grianghrafadóir: Michael O’Rourke Photography.*

Per Cent for Art commission, Kerdiffstown Park 2022.
Photo credit: Michael O’Rourke Photography.

## ÁR MISEAN

Is é ár misean daoine aonair, pobail, agus ealaíontóirí a spreagadh, a ghríosú agus tacú leo feabhas a chur ar eispéireas na n-ealaíon agus na cruthaitheachta do gach duine a chónaíonn sa chontae.

## OUR MISSION

Our mission is to encourage, support and inspire individuals, communities, and artists, to improve the experience of the arts and creativity for all people living in the county.

---

## ÁR BHFÍS

Contae é Cill Dara ina bhfuil na healaíona ina steillbheatha agus ina bhfuil siad go smior i saol a mhuintire.

## OUR VISION

Kildare is a county where the arts thrive and are embedded in the lives of its people.

---

## ÁR LUACHANNA

**Cáilíocht**
Déanaimid deiseanna agus seirbhísí ardchaighdeáin ealaíonta a sholáthar agus a stiúradh.

**Trédhearcacht/Cothroime**
Táimid cuntasach agus gníomhaímid go freagrach inár gcinnteoireacht Gníomhaímid go hionraic, go hoscailte, agus go cothrom i ngach ceann dár ndéileálacha.

**Meas/Ionracas**
Caithimid le gach duine go cothrom agus léirímid an aird mar is cuí ar a riachtanais agus a gcearta.

**Foghlaim/Borradh**
Táimid meáite ar fheabhsú go leanúnach trí éisteacht go géar, bheith solúbtha i gcónaí agus bheith sásta dul i bpriacal.

**Nuálaíocht/Spreagadh**
Lorgaímid seasta cur chuige spreagúil, céimnitheach, agus cruthaitheach le heolas a chur ar fáil dár seirbhís.

**Eitic-Léirímid**
ómós ar na daoine, na heagraíochtaí agus na pobail a ndéanaimid idirchaidreamh leo agus cosnaímid smaointe agus maoin intleachtúil ealaíontóirí.

## OUR VALUES

**Quality**
We provide and lead on high quality artistic opportunities and services.

**Transparency/Fairness**
We are accountable and act responsibly in our decision making. We act honestly, openly, and fairly in all our dealings.


**Respect/Integrity**
We treat all people equally with due regard for their needs and rights.

**Learning/Growth**
We strive to continuously improve by listening intently, remaining flexible and being open to risk.

**Innovation/Inspiration**
We continually seek inspiring, progressive, and creative approaches to inform our service.

**Ethics**
We are respectful of the individuals, organisations and communities we engage with and are protective of artists’ ideas and intellectual property.

# 03



# COMHTHÉACS: GO NÁISIÚNTA, HÁITIÚIL.

# CONTEXT: NATIONALLY, LOCALLY.

### Cultúr 2025

Cultúr 2025, tá mar chuspóir ag creatbheartas cultúir an Rialtais (2016) 'saol gach duine a shaibhriú trí pháirt a ghlacadh i mbeatha chultúrtha an náisiúin', agus 'deiseanna a chruthú do rannpháirtíocht níos i measc saoránach'. Leagtar amach ann an bonn le haghaidh rannpháirtíocht níos doimhne idir an Rialtas, an saoránach agus páirtithe leasmhara ábhartha cultúrtha chun seo agus níos mó a bhaint amach. Agus an cultúr á shainmhíniú, tugtar faoi deara i gCultúr 2025 gurb ionann an cultúr, sa chiall is leithne atá leis, agus 'gach rud a dhéanaimid mar shochaí agus an bealach ina n-iompraímid sinn féin.' Áirítear leis an sainmhíniú - na healaíona, na tionscail chruthaitheacha, oidhreacht chultúrtha agus cruthaitheacht, agus a aithint chomh maith go bhfuil an cultúr agus an chruthaitheacht, de bharr a gcineáil, corrach agus ag teacht chun cinn.

*Tá mar chuspóir ag Plean Corparáideach Chomhairle Contae Chill Dara 2019-2024 'todhchaí inbhuanaithe a mhúnlú agus feabhas á chur ar chaighdeán beatha gach saoránach. Bonneagar cumasaithe agus seirbhísí éifeachtúla inrochtana a sholáthar agus tabhairt faoinár bhfís trí chomhoibriú, nuálaíocht, ionchuimsiú agus rannpháirtíocht an phobail.'*

### Tionscadal Éireann 2040 (2018)

Tá mar chuspóir ag Tionscadal Éireann 2040 (2018) an Creat Pleanála Náisiúnta, forbairt na hÉireann a threorú i gcaitheamh na chéad fiche bliain eile. Sainaithnítear ann 'Cultúr, Oidhreacht agus Spórt' mar cheann dá dheich dTosaíochtaí Infheistíochta Straitéisí, go háirithe maidir le feabhas a chur ar chaighdeán na beatha agus cur le mórtas áite.

*Oibreoimid lenár gcomhghleacaithe sa Roinn Pleanála lena chinntiú go bhfuil na healaíona agus an cultúr leabaithe sa Phlean Forbartha Contae agus i bPleananna Ceantair Áitiúil.*

### Culture 2025

Culture 2025, the Government's framework policy for culture (2016) aims to 'enrich the lives of everyone through engagement in the cultural life of the nation', and to 'create opportunities for increased citizen participation.' It sets out the basis for deeper engagement between Government, the citizen and relevant cultural stakeholders to achieve this and more. In defining culture, Culture 2025 notes that in its broadest sense, culture describes 'everything we do as a society and how we behave.' The definition of culture includes - the arts, the creative industries, cultural heritage and creativity, while also recognising that culture and creativity are, by their nature, fluid and evolving.

*Kildare County Council Corporate Plan 2019-2024 aims 'to shape a sustainable future while improving the quality of life of all citizens. Delivering enabling infrastructure and efficient accessible services and pursuing our vision through collaboration, innovation, inclusion and community engagement.'*

### Project Ireland 2040 (2018)

Project Ireland 2040 (2018), the National Planning Framework, aims to guide Ireland's development over the next two decades. It identifies 'Culture, Heritage and Sport' as one of its ten Strategic Investment Priorities, particularly in relation to improving quality of life and adding to a sense of place.

*We will work with our colleagues in the Planning Department to ensure the arts and culture are embedded in the County Development Plan and Local Area Plans.*

## Éire Ildánach

Éire Ildánach, eagraítear a obair sa chlár cultúir agus folláine uile-Rialtais timpeall ar chúig cholún, arb é an dara ceann 'cruthaitheacht a chumasú i ngach pobal.' Laistigh den réimse fairsing sainmhínithe atá ar fáil, caitear in Éire Ildánach le cruthaitheacht mar 'sraith cumas ó dhúchas agus scileanna a fhoghlaimítear; cumas daoine aonair agus eagraíochtaí smaointe agus noirm a nglactar leo a bhaint amach agus tríd an tsamhlaíocht a shaothrú le smaointe nua a chruthú a chuireann luach breise le gníomhaíocht dhaonna.'

*Seoladh Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta Chill Dara 2023-2027. Bhí ionadaithe ó ealaíona, leabharlann, stair áitiúil,oidhreacht, caomhnú, aeráid, pobal agus spóirt ar fhoireann Cultúir agus Cruthaitheachta Chill Dara agus le clár cultúir agus cruthaitheachta sa chontae a sholáthar, agus béim ar chomhoibriú agus cleachtas idirdhisciplíneach. Seoladh Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta Chill Dara 2023-2027, anuas ar 30 straitéis eile údaráis áitiúil, i bhFeabhra 2023.*

## Making Great Art Work (2016-2025)

Making Great Art Work (2016-2025),Leantar le débhéim a chur in Making Great Art Work (2016-2025), straitéis deich mbliana na Comhairle Ealaíon, ar an ealaíontóir agus ar rannpháirtíocht an phobail. Oibríonn na cuspóirí a leagtar amach sa straitéis i dtreo na spriocanna 'Tacaítear le healaíontóirí le sárshaothair a dhéanamh a mbaintear taitneamh astú agus a léirítear luach orthu' agus 'Bainfidh níos mó daoine taitneamh as eispéiris ealaíon ardchaighdeáin'.

*Rinne Comhairle Contae Chill Dara agus an Chomhairle Ealaíon idirbheartaíocht in 2018 ar Chreat Comhoibrithe 2018-2025, bunaithe ar Chreat Comhoibrithe, idir an Chomhairle Ealaíon agus Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach. Laistigh seo, is iad na Gníomhartha Straitéiseacha Comhroinnte bunúla na hEalaíona, Sláinte agus Folláine; Daoine Óga, Leanaí agus Oideachas; Tacú le hEalaíontóirí agus an Damhsa. Tá athbhreithniú meántéarma ar an gCreatchomhaontú leis an gComhairle Ealaíon ar bun, ar aon dul le Plean trí bliana na Comhairle Ealaíon 2022-2025, laistigh den straitéis deich mbliana Making Great Art Work.*

*Is iad na Gníomhartha Straitéiseacha Comhroinnte leasaithe lenar comhaontaíodh in 2022:*

*1. Na hEalaíona, Sláinte agus Folláine*
*2. Daoine óga, leanaí agus oideachas*
*3. Tacú le healaíontóirí*
*4. Ealaín Daoine agus Áite*

## Creative Ireland

Creative Ireland, the all-of-Government culture and wellbeing programme, established in 2017, organises its work around five pillars, the second of which is 'enabling creativity in every community.' Within the broad range of available definitions, Creative Ireland considers creativity as 'a set of innate abilities and learned skills; the capacity of individuals and organisations to transcend accepted ideas and norms and by drawing on imagination to create new ideas that bring additional value to human activity.'

*Kildare's Culture and Creativity team included representatives from arts, library, local history, heritage, conservation, climate, community and sports to deliver a programme of culture and creativity in the county, with an emphasis on collaboration and inter disciplinary practice. Kildare's Culture and Creativity Strategy 2023-2027 was launched, alongside 30 other local authority strategies, in February 2023.*

## Making Great Art Work (2016-2025)

Making Great Art Work (2016-2025), the Arts Council's ten year strategy, maintains a twin focus on the artist and on public engagement. The objectives set out in the strategy work toward the goals 'Artists are supported to make excellent work which is enjoyed and valued' and 'More people will enjoy high quality arts experiences'.

*In 2018, Kildare County Council and the Arts Council negotiated a Framework for Collaboration 2018-2025, based on A Framework for Collaboration, an agreement between The Arts Council and County and City Management Association. Within this, the original Shared Strategic Actions are Arts, Health and Wellbeing; Young People, Children and Education; Supporting Artists and Dance. A mid-term review of the Framework Agreement with the Arts Council is underway, in line with the Arts Council's three-year Plan 2022-2025, within the Making Great Art Work ten year strategy.*

*The revised Shared Strategic Actions agreed in 2022 are:*

*1. Arts, Health and Wellbeing*
*2. Young people, children and education*
*3. Supporting artists*
*4. The Art of People and Place*

### Tá Beartas Comhionannais, Ceart Daonna agus Éagsúlachta (2019)

Tá Beartas Comhionannais, Ceart Daonna agus Éagsúlachta (2019) na Comhairle Ealaíon 'meáite ar mheas a léiriú ar, tacú le agus cur san áireamh na nglórtha agus na gcultúr go léir atá in Éirinn inniu, ó gach cuid den tsochaí, idir pobail reatha agus nua, agus ó gach cúlra, eitneacht agus traidisiún sóisialta.'

*Spreagaimid iarratais ar bhronnadh deontas agus sparánachta ó na pobail éagsúla sa chontae, trína chóras iarratais ar dheontais ar líne. Luaitear inár nglaonna amach go bhfáiltítear roimh iarratais ó gach limistéar den phobal gan aird ar d'inscne, gnéaschlaonadh, stádas sibhialta nó teaghlaigh, creideamh, aois, míchumas, cineál nó ballraíocht de phobal an Lucht Siúil, nó cúlra socheacnamaíoch, agus ó ealaíontóirí nach é an Béarla a gcéad teanga.*

### Paying the Artist Policy (2020)

Déanann an Chomhairle Ealaíon in Paying the Artist Policy (2020), 'aithníonn sé a ról i luach saothair cothrom agus comhionann a chur chun cinn laistigh de na healaíona' agus sa mhullach ar 'athrú a stiúradh trí thaighde a dhéanamh agus a chomhroinnt, trí thacú le ghníomhartha forbartha a fheabhsaíonn cumas agus trédhearcacht, trí na riachtanais a leagaimid amach d'fhaighteoirí cistithe agus trínár n-obair chomhpháirtíochta agus abhcóideachta'.

*Beartaíonn Comhairle Contae Chill Dara ár mbeartas luacha saothair chuí d'ealaíontóirí a chur chun cinn, a chinntíonn pá cothrom d'ealaíontóirí. Tá an gníomh seo lárnach i ngach clár ag Comhairle Contae Chill Dara, ní fhostófar aon ealaíontóir nó pearsanra ealaíonta linn gan pá cothrom a fháil agus cuimsítear é seo isteach ina gconarthaí agus trí phlé agus idirbheartaíocht, ag an am céanna, leis an ealaíontóir go díreach. Léirímid meas ar shaothar ealaíontóirí mar ghairm agus ní fhostóimid ealaíontóir in aon ghníomhaíocht gan íocaíocht.*

### Creat é Beartas Áite, Spáis agus Daoine na Comhairle Ealaíon (2022)

Creat é Beartas Áite, Spáis agus Daoine na Comhairle Ealaíon (2022) le haghaidh cothroime sochspásúil sna healaíona ina léirítear fís 'do thír ina mbíonn an deis ag gach duine na healaíona agus an cultúr a chruthú, idirchaidreamh a dhéanamh leo agus páirt a ghlacadh iontu, gan aird ar an áit a bhfuil siad nó ar an áit a gcónaíonn agus a n-oibríonn siad.'

*D'éirigh le Comhairle Contae Chill Dara in 2021 i dtairiscint maidir le clár Áiteanna Cruthaitheacha (Creative Places) na Comhairle Ealaíon do 'áiteanna timpeall na hÉireann nach bhfuair deiseanna tairbhe a bhaint as infheistíocht mharthanach sna healaíona agus sa chruthaitheacht, maidir le baile agus Ceantar Bardasach Bhaile Átha Í. Beidh an clár trí bliana ar siúl go dtí 2024 le deiseanna cruthaitheacha nua a fhorbairt agus a chothú do phobail áitiúla.*

### Equality, Human Rights and Diversity Policy (2019)

The Arts Council's Equality, Human Rights and Diversity Policy (2019) 'strives to respect, support and ensure the inclusion of all voices and cultures that make up Ireland today, from all sections of society, from existing and new communities, and from all social backgrounds, ethnicities and traditions.'

*We actively encourage grants and bursary award applications from the diverse communities in the county, through its online grant application system. Our call outs state that applications are welcome from all areas of the community regardless of your gender, sexual orientation, civil or family status, religion, age, disability, race or membership of the Traveller Community, or socio-economic background, and from artists whose first language is not English.*

### Paying the Artist Policy (2020)

In their Paying the Artist Policy (2020), the Arts Council 'recognises its role in promoting equitable and fair remuneration and contracting within the arts' and furthermore 'in leading change through undertaking and sharing research, through supporting developmental actions that improve capacity and transparency, through the requirements we place on funding recipients and through our partnership and advocacy work'.

*It is Kildare County Council's intention to promote our policy of appropriate remuneration for artists ensuring equitable pay to artists. This action is key in all programmes by Kildare County Council, no artist or artistic personnel will be engaged with us without being fairly paid and this is built into their contracts whilst at the same time through dialogue and negotiation with the artist directly. We respect the work of artists as a profession and will not engage an artist in any activity without payment.*

### The Arts Council's Place, Space and People Policy (2022)

The Arts Council's Place, Space and People Policy (2022) is a framework for socio-spatial equity in the arts which presents a vision 'for a country where everyone has the opportunity to create, engage with, participate in and enjoy the arts and culture, regardless of where they are or where they live and work.'

*In 2021, Kildare County Council was successful in a bid for the Arts Council Creative Places programme for 'places around Ireland that have not had opportunities to benefit from sustained investment in the arts and creativity', for the town and Municipal District of Athy. The three-year programme will run until 2024 to develop and sustain new creative opportunities for local communities.*

### Meán Tascfhórsa an Gheilleagair Oíche

In 2020, bhunaigh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán Tascfhórsa an Gheilleagair Oíche mar thosaíocht don roinn. Dhírigh sé i dtosach ar thréimhse ghéarchéim COVID-19, tráth a rinneadh iarracht cur le hacmhainn spásanna poiblí taobh amuigh le haghaidh gníomhaíocht chultúrtha agus mar spásanna ealaíon.

*Oibreoimid le comhghleacaithe san údarás áitiúil agus san earnáil chultúir agus shiamsaíochta maidir leis an tionscnamh seo i dtreo geilleagar oíche beoga, éagsúil agus ionchuimsitheach a bhaint amach.  Úsáidfear clár bliantúil Oíche an Chultúir le príomhimeachtaí go déanach san oíche a chur chun cinn.*

### Scéim Bunioncaim

Thug an Rialtas an Scéim Bunioncaim cheannródaíoch isteach in 2022 ar bhonn píolótach, a raibh mar chuspóirí aici cabhrú leis an gcleachtas ealaíon agus cruthaitheach trí íocaíocht €325 sa tseachtain a thabhairt d'ealaíontóirí agus d'oibrithe ealaíon cruthaitheach.

*D'éirigh le 84 ealaíontóir ó Chill Dara lena n-iarratas faoin scéim, agus bhí an 4ú líon ba mhó ealaíontóirí in aghaidh an chontae sa tír ann. Tugann seo an t-ardleibhéal ealaíontóirí le fios a chónaíonn sa chontae.*

### Dínite ag an Obair 'Safe to Create'

In 2022, sheol an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán an tionscnamh Dínite ag an Obair 'Safe to Create', i gcomhar leis an gComhairle Ealaíon, Fís Éireann agus Minding Creative Minds. Tá de chuspóir aige tionchar a imirt ar an athrú ar chultúr agus ar chleachtais na hearnála ealaíon in Éirinn le dálaí oibre níos sábháilte a sholáthar d'ealaíontóirí agus d'oibrithe ealaíon.

*Táimid tiomanta do bhéim a leagann ar an gclár seo a thabhairt isteach leis an gcultúr agus cleachtais a athrú ó bhonn trí oiliúint, eolas, comhlíonadh deonach agus deimhniúchán, agus treoir a thabhairt maidir le tuairisciú, comhairleoireacht, agus comhairle dlí.*

### Night-Time Economy Taskforce

In 2020, the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media established the Night-Time Economy Taskforce as a priority action for the department. Initially focused on the COVID-19 crisis period, there was a drive to build on the potential of outdoor public spaces for cultural activity and as arts spaces.

*We will work with colleagues in the local authority and in the cultural and entertainment sector to this initiative towards a vibrant, diverse and inclusive night-time economy. The annual Culture Night programme will be used to promote late night flagship events.*

### Basic Income Scheme

In 2022, the Government introduced the ground-breaking Basic Income Scheme, on a pilot basis, aiming to assist the arts and creative practice by giving a payment of €325 a week to artists and creative arts workers.

*84 artists from Kildare were successful in their application under the scheme, with the 4th highest allocation of artists per county in the country. This is an indication of the high level of artists living in the county.*

### Safe to Create Dignity at Work initiative

In 2022, the Safe to Create Dignity at Work initiative was launched by the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media, in partnership with the Arts Council, Screen Ireland and Minding Creative Minds. It aims to impact change on the culture and practices of the arts sector in Ireland to provide safer working conditions for artists and arts workers.

*We are committed to highlighting the roll out of this programme to transform culture and practices through training, information, voluntary compliance and certification, and signposting for reporting, counselling, and legal advice.*

## Comhairle Contae Chill Dara

Is í Comhairle Contae Chill Dara an comhlacht reachtúil rialtais áitiúil do chontae Chill Dara. Is é a ról agus a sainchúram réimse seirbhísí tionscnaimh chaighdeán na beatha a sholáthar do mhuintir Chill Dara i gcomhthéacsanna éagsúla.

*Oibrímid chun seo a bhaint amach trí idirchaidreamh a dhéanamh le comhghleacaithe san údarás áitiúil, baill thofa, ealaíontóirí, eagraíochtaí ealaíon agus pobail chun buntacú lena n-uaillmhian aonair agus a gcomhuaillmhian chruthaitheach. Déanann an Coiste um Beartais Straitéiseacha (SPC) do Sheirbhísí Corparáideacha, Daoine agus Cultúrtha straitéis agus beartas Ealaíon agus Cultúir a sholáthar do Chill Dara. Oibríonn an tSeirbhís Ealaíon faoin stiúrthóireacht ina soláthraítear réimse fairsing seirbhísí agus deiseanna atá i measc an phobail. Oibríonn an tSeirbhís Ealaíon chomh maith le foireann an Fhearainn Pobail, le húsáid spásanna taobh amuigh do ghníomhaíocht chultúrtha a chur chun cinn.*

Is é bunáit riaracháin Sheirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Chill Dara Ceanncheathrú na Leabharlainne laistigh de Champas Cultúir Bhruach na hAbhann (Riverbank) i nDroichead Nua. Oibríonn foireann na Seirbhíse Ealaíon go dlúth leis an tSeirbhís Leabharlainne le clár ar fud an chontae a sholáthar sna healaíona, sa chultúr agus sa chruthaitheacht. Comhoibríonn an tSeirbhís Ealaíon agus an tSeirbhís Leabharlainne maidir le roinnt tionscnamh, an clár Scríbhneora Cónaithe, le Roinn an Bhéarla, Ollscoil Mhá Nuad agus Féile Léitheoirí Chill Dara. Cuireann an líonra Leabharlann ar fud an chontae spásanna tábhachtacha ar fáil le cláir ealaíon agus chruthaitheacha a chur ar bun iontu agus d'ealaíontóirí le ceangal a dhéanamh lena chéile.

*Cé gurb é Bruach na hAbhann an t-ionad ealaíon cathrach, tá Comhairle Contae Chill Dara tiomanta do thacú le príomhshaoráidí agus acmhainní ealaíon sa chontae. Tá sé bunaithe ar Chreat Comhoibrithe leis an gComhairle Ealaíon 2018-2025 de chuid Chomhairle Contae Chill Dara agus rinne an tSeirbhís Ealaíon idirbheartaíocht in 2021 ar Chreat-Chomhaontuithe le Ceolfhoireann Chontae Chill Dara, Amharclann Run of the Mill, Leinster Printmaking Studio, Amharclann Óige PlayActing, Amharclann Óige Chill Dara, Amharclann Óige Griese, Amharclann The Moat agus Ionad Ealaíon Bhaile Átha Í.*

## Kildare County Council

Kildare County Council is the local government statutory body for the county of Kildare. Its role and remit is to provide a range of services and quality of life initiatives for the people of Kildare in a variety of contexts.

*We work to achieve this by engaging with local authority colleagues, elected members, artists, arts organisations and communities to underpin their individual and collective creative ambition. Arts and Cultural policy and strategy for Kildare are approved by the Strategic Policy Committee (SPC) for Corporate, People and Cultural Services. The Arts Service works under the Directorate where a broad range of public facing cultural services and opportunities are provided. The Arts Service also works with the Public Realm team, to advance the use of outdoor spaces for cultural activity.*

Kildare County Council's Arts Service administrative base is Library Headquarters within the Riverbank Cultural Campus, in Newbridge. The Arts Service team work closely with the Library Service to deliver a county wide programme in arts, culture and creativity. The Library and Arts Services collaborate on a number of initiatives, including the Writer in Residence programme, with the Department of English, Maynooth University and the Kildare Readers Festival. The Library network countywide provide important spaces for arts and creative programmes to take place and for artists to connect with each other.

*While Riverbank is the municipal arts centre, Kildare County Council is committed to supporting key arts facilities and resources in the county. Modelled on Kildare County Council's Framework for Collaboration with the Arts Council 2018-2025, in 2021, the Arts Service negotiated Framework Agreements with County Kildare Orchestra, Run of the Mill Theatre, Leinster Printmaking Studio, PlayActing Youth Theatre, Kildare Youth Theatre, Griese Youth Theatre, The Moat Theatre and Athy Community Arts Centre.*

# 04













# AG FÉACHAINT SIAR: CÁS-STAIDÉIR NA NEALAÍON I GCONTAE CHILL DARA 2018-2022.

# LOOKING BACK: CASE STUDIES OF ARTS IN COUNTY KILDARE 2018-2022.

---

**Ionad Ealaíon Bhruach na hAbhann**
**Riverbank Arts Centre**

---

**An Scéim Clársceidealaithe Léirithe Bheo Áitiúil**
**Local Live Performance Programming Scheme**

---

**Oíche an Chultúir**
**Culture Night**

---

**Glúin an Cheoil, Cill Dara**
**Kildare Music Generation**

---

**Kildare Short Grass Films**
**Kildare Short Grass Films**

---

**Clár Scríbhneora Cónaithe**
**Writer in Residence Programme**

---

**Baile Filíochta an Náis**
**Naas Poetry Town**


---

**Tionscadal Bealach Ceoil Made of Athy**
**Made of Athy Music Trail Project**

---

*Thit cur i láthair oifigiúil shaothar ealaíne Bille (Squires) Gannon leis an dealbhóir Mark Richards amach i Meán Fómhair 2022, a rinneadh comóradh ar an gcéad chaptaen a thug leis Corn Sam Maguire Cup in 1928, agus bhí muintir Gannon i láthair mar aíonna. Cur i láthair ag an Leas-Chathaoirleach, an Comh. Joe Neville, Uachtarán an CLG, Larry McCarthy agus seaimpín Uile-Éireann Chailíní Faoi 14 Chill Dara, Katie Ray. Grianghrafadóir: Michael O'Rourke Photography, Lucina Russell*

The official unveiling of Bill (Squires) Gannon artwork by sculptor Mark Richards took place in Sept. 2022, commemorating the first captain to raise the Sam Maguire Cup in 1928, with Gannon's family as guests. Unveiling by Leas Cathaoirleach Cllr. Joe Neville, GAA President Larry Mc Carthy and U14 Kildare Girls All Ireland champion Katie Ray. Photo credits: Michael O'Rourke Photography, Lucina Russell.



*'20 Turf Footers', a léirigh Shane Hynan tríd an nGradam Sparánachta d'Amharc-Ealaíontóirí atá ag Teacht chun Cinn 2020, ónar eascair taispeántas aonair in Ionad Ealaíon Bhruach na hAbhann in 2021. Ceannaíodh an saothar seo do Bhailiúchán Ealaíon Cathrach Chomhairle Contae Chill Dara.*

'20 Turf Footers', produced by Shane Hynan through the Emerging Visual Artist Bursary Award 2020, culminating in a solo exhibition in Riverbank Arts Centre in 2021. This work was purchased for Kildare County Council's Municipal Art Collection.

## Ionad Ealaíon Bhruach na hAbhann

Is é Ionad Ealaíon Bhruach na hAbhann an t-ionad ealaíon contae atá lonnaithe sa Droichead Nua, arna mhaoiniú ag An Chomhairle Ealaíon agus Comhairle Contae Chill Dara. Oibríonn an t-ionad i gcomhpháirtíocht le healaíontóirí idirnáisiúnta, náisiúnta agus áitiúla chun clár ealaíona atá inrochtana agus i gcónaí ar ardchaighdeán a sholáthar i dtimpeallacht cairdiúil. Cuimsíonn an clár ildisciplíneach amharclann, pictiúrlann, greann, ceol, rince, ceardlanna agus na hamharcealaíona. Is léiritheoir agus comhléiritheoir saothair é freisin agus tá clár láidir tacaíochta d'ealaíontóirí aige ar feadh na bliana.

### Freastlaíonn níos mó ná 25,000 duine ar thart ar 350 imeacht, ceardlann agus taispeántas gach bliain.

Daoine Óga & Oideachas: Le gailearaí tiomnaithe do leanaí agus clár amharclannaíochta agus ceardlanna d'ardchaighdeán do lucht féachana níos óige, agus clár oideachais ildisciplíneach do réamhscoileanna, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, tá Ionad Ealaíon Bhruach na hAbhann tiomanta do rannpháirtíocht luath leis na healaíona agus rochtain orthu a chur chun cinn. I 2022, d'fhreastail 8,000 leanbh ó 35 scoil ar imeachtaí san ionad.

## Clár Amharcealaíona

Clár Amharcealaíona: Bíonn taispeántais aonair, taispeántais ghrúpa, agus cónaitheachtaí ealaíontóirí ag Dánlann McKenna ar siúl in Ionad Ealaíon Bhruach na hAbhann agus tá clár rannpháirtíochta ag gabháil le gach taispeántas ina bhfuil turais, pléanna agus ceardlanna ealaíontóirí. Gach bliain, bíonn an t-ionad i gcomhpháirtíocht le Seirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Chill Dara ar an Dámhachtain Sparánachta d'Ealaíontóirí ag Teacht Chun Cinn a chumasaíonn an chéad mhórthaispeántas aonair ag ealaíontóir atá ag teacht chun cinn. Ar na faighteoirí roimhe seo tá Martina Mc Donald The Still Breath of Adventure (2010), Noel Hensey Miles From Home 2011, Brian Cregan The Glass Garden (2012), Mary-Jo Gilligan That Mineral Matter (2013), Isobel Egan Inside Out (2014), Denis Kelly Structure/Void (2015), Marta Golubowska Be-longing (2016), Brenda Kearney The Great Work of Preserving (2017), Michelle McBride The State of RoY (2018), Caoimhe McGuckin Fathom (2019), Shane Hynan Beneath | Beofhód (2020), Katie Whyte Dētrīmentum (2021) agus Gavin Casey SOUND/CODE/IMAGE (2022).

## Riverbank Arts Centre

Riverbank Arts Centre is the county arts centre based in Newbridge, funded by The Arts Council and Kildare County Council. The centre works in partnership with international, national and local artists to deliver an accessible and consistently high-quality arts programme in an intimate environment. The multi-disciplinary programme includes theatre, cinema, comedy, music, dance, workshops and visual arts. Riverbank is also a producer and co-producer of work and has a strong year-round artist support programme.

### Each year circa 350 events, workshops and exhibitions are attended by more than 25,000 people.

Young People & Education: With a dedicated children's gallery and programming of high quality theatre and workshops for younger audiences, and a multidisciplinary education programme for pre-school, primary and post-primary schools, Riverbank is committed to promoting early engagement with and access to the arts. In 2022, 8,000 children from 35 schools attended events in the centre.

## Riverbank Visual Arts Programme:

Riverbank Arts Centre hosts solo exhibitions, group exhibitions, and artist residencies at the McKenna Gallery and each exhibition is accompanied by an engagement programme comprising artist tours, discussions and workshops. Each year, the centre partners with Kildare County Council Arts Service on the Emerging Artist Bursary Award enabling the first major solo exhibition by an emerging artist. Previous recipients include Martina Mc Donald The Still Breath of Adventure (2010), Noel Hensey Miles From Home 2011, Brian Cregan The Glass Garden (2012), Mary-Jo Gilligan That Mineral Matter (2013), Isobel Egan Inside Out (2014), Denis Kelly Structure/Void (2015), Marta Golubowska Be-longing (2016), Brenda Kearney The Great Work of Preserving (2017), Michelle McBride The State of RoY (2018), Caoimhe McGuckin Fathom (2019), Shane Hynan Beneath | Beofhód (2020), Katie Whyte Dētrīmentum (2021) and Gavin Casey SOUND/CODE/IMAGE (2022).

# FÉILE LIAM O'FLYNN



## NAAS & KILL VILLAGE

## 7TH - 9TH OCTOBER 2022

LIAM Ó'MAONLAÍ | MATT MOLLOY | SEÁN KEANE | DÓNAL LUNNY
STEVE COONEY | LAOISE KELLY | PADDY GLACKIN | GAY MCKEON
MICK, LOUISE & MICHELLE MULCAHY | MARK REDMOND
NIAMH PARSONS | DONNACHA DWYER | BRIAN HUGHES | MARY CORCORAN

KILFENORA CÉILÍ BAND | FULLSET

HEIDI TALBOT | JOE BYRNES | CORMAC MAC AODHAGÁIN | EMMET O'TOOLE
BRIAN CREHAN | KILDARE YOUTH ORCHESTRA | MUSIC GENERATION

WORLD PREMIERE OF NEW COMPOSITION FOR UILEANN PIPES BY SANDIE PURCELL

VARIOUS VENUES ACROSS THE WEEKEND

KILDARE SESSION MUSICIANS | PIPING & HARP WORKSHOPS | SESSION TRAIL | CÉILÍ DANCING

@feileliamoflynn

For tickets visit: https://moattheatre.ticketsolve.com

email: info@feileliamoflynn.ie

Comhairle Contae Chill Dara
Kildare County Council

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

## An Scéim Clársceidealaithe Léirithe Bheo Áitiúil

Sheol an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán an Scéim Clársceidealaithe Léirithe Bheo Áitiúil (LLPPS) agus is é a cuspóir cabhrú le húdaráis áitiúla deiseanna léirithe bheo áitiúil a sholáthar i rith na paindéime. Soláthraíodh ceithre thráinse den LLPPS i gCill Dara in 2021/22.

## Local Live Performance Programming Scheme

The Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media launched the Local Live Performance Programme Scheme (LLPPS) is to assist local authorities in providing local live performance opportunities throughout the pandemic. Four tranches of the LLPPS were delivered in Kildare in 2021/22.

| | | |
|---|---|---|
| Lá fostaíochta ó Mheán Fómhair 2021 go Deireadh Fómhair 2022<br>**1,738**<br>Days employment from September 2021 to October 2022. | Ball foirne teicniúla/ léiriúcháin/cruthaithí fostaithe in ionaid agus don sruthú beo<br>**269**<br>Technical / production / creative crew employed in venues and for live streaming | Ealaíontóir fostaithe<br>**505**<br>Artists employed |
| Lucht féachana duine<br>**394,798+**<br>Audiences | I bpearsan<br>**10,040**<br>In person | Ar líne<br>**384,758+**<br>Online |






*Sheinn Tebi Rex in Eaglais Mhuire, Maigh Nuad in 2021 mar chuid de shraith ceolchoirmeacha 'Come Back' de chuid LLPPS Chill Dara, a chomhordaigh Cultúr Chill Dara (Kildare Culture).*


Tebi Rex perform in St. Mary's Church, Maynooth, 2021 as part of Kildare's LLPPS Come Back concert series coordinated by Kildare Culture.



*Comórtas d'Ealaíontóirí Portráide,* le feiceáil sna portráidí: *Seanadoir David Norris agus aisteoir Eilish O'Carroll. Bhaile an Chaisleáin, 2019. Grianghrafadóir: Gingham Sky Photography.*

Portrait Artist competition, featured in the portraits: Senator David Norris and actress Eilish O'Carroll. Castletown House, 2019.
Photo credit: Gingham Sky Photography.




